



Uimhreas

Tacair agus Oibríochtaí

Piorraí Liam

Gné	g An foghlaimeoir	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna	<p>Réitíonn sé fadhbanna a bhaineann le méadú agus roinnt [agus úsáid á baint as comhthéacsanna ón bhfíorshaol nuair is cuí].</p> <p>Cuireann sé réimse straitéisí i bhfeidhm, lena n-áirítear straitéisí físeacha, chun fadhbanna a mbaineann níos mó ná oibríocht amháin leo a réiteach.</p>	<p>Réitíonn sé tascanna agus fadhbanna praiticiúla a bhaineann le méadú slánuimhreacha agus cuireann sé i gcrích iad.</p>	<p>Baineann sé úsáid as réimse leathan straitéisí chun fadhbanna suimiúcháin, dealaithe, méadaithe agus roinnte a bhfuil baint ag uimhreacha deachúlacha agus slánuimhreacha leo.</p>	<p>Baineann sé úsáid as meastacháin nuair a bhíonn fadhbanna a bhaineann le hoibríochtaí, slánuimhreacha, uimhreacha deachúlacha, céatadáin agus codáin á réiteach aige, chun cabhrú réasúntacht an réitigh a mheas.</p>

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/210cf816-bb3d-4992-9a13-49c00f8f67c7/GA_PMC_PC11_Uimhreas_Tacair-agus-oibríochtaí.pdf

Tá go leor piorraí ar chrann piorraí Liam an fómhar seo. Bhailigh sé roinnt acu agus ba mhaith leis iad a thabhairt do chairde leis, ach ba mhaith leis a bheith cothrom. D'oibrigh sé amach gur féidir a phiorraí a roinnt ar 2, 3, 4, 5 nó 6 cairde agus gach duine acu ag fáil an mhéid chéanna. An féidir leat smaoineamh ar uimhir nó ar roinnt uimhreacha chun an fhadhb seo a réiteach? An féidir leat d'fhadhb féin a chruthú?



Rúibric Ghrádaithe	Cad é is féidir leis na foghlaimeoirí a dhéanamh			
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna	g An foghlaimeoir	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir
	Baineann sé triail as na huimhreacha a thugtar a iolrú agus gach ceann á sheiceáil i gcomparáid leis an líon daoine.	Taifeadann sé a chuid oibre ag úsáid liosta, tábla nó íomhánna de ghrúpaí. Tosaíonn sé ag eagrú go córasach.	Cuardaíonn sé patrúin sna hiarrachtaí a rinneadh agus is féidir leis a chur in iúl cén fáth nach féidir roinnt uimhreacha a bheith ina réiteach ceart. (m.sh. 30, agus i gcás a bhfuil 30 iolraithe faoi uimhir chorr).	Déanann sé anailís freisin ar iolraí coitianta de 4, 5, agus 6 chun teacht ar réitigh fhéideartha. Aithníonn sé gur féidir neamhaird a thabhairt ar 2 agus 3 mar go bhfuil siad i ngach réiteach le haghaidh 4 agus 6. Tuigeann sé gur réitigh iad gach iolra de 60 agus is féidir leis argóint a chur i láthair ar an gcúis.